Babhta Coimisiúnaithe TG4 – Aibreán 2020

TG4 welcomes submissions from independent production companies for entertaining, inspiring and engaging content for our audiences on our linear and digital platforms. All content being proposed must be able to be produced and delivered remotely and safely as per TG4, HSE and government guidelines.

We are interested in **high-quality content for the TG4 linear schedule** for broadcast from autumn 2020 onwards. Programmes or series that can be produced primarily through post-production at this time including the creative repackaging or repurposing of archive content or other formats are particularly welcomed. As with all TG4 content, ideas pitched should have a strong audience and slot based focus.

We would also like to hear your ideas for **short-form digital content** for broadcast during this Covid-19 pandemic period that provides welcome relief and entertainment, shows the strength and links between our communities and uplifts TG4 audiences' spirits. These digital-first ideas should be pitched with a strong, specific audience focus in mind for our TG4, BLOC or Molscéal platforms.

All proposals, including a full budget, must be submitted through a production company and uploaded to TG4's e-commissioning system by **Friday, 10th April 2020 at 5pm** with decisions expected shortly after Easter.

Babhta Coimisiúnaithe TG4 – Aibreán 2020

Fáilteoidh TG4 roimh aighneachtaí ó chomhlachtaí léiriúchán neamhspleách chun ábhar siamsúil, spreagúil agus tarraingteach a chur ar fáil dár lucht féachana ar ardán líneach agus ardáin dhigiteacha an stáisiúin. Ní mór a bheith ábalta gach ábhar beartaithe a léiriú agus a sholáthar ó chian de réir threoirlínte TG4, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an rialtais.

Tá suim againn in ábhar ar ardchaighdeán a bheidh le craoladh ar **sceideal líneach TG4** ó Fhómhar 2020 amach. Cuirfear fáilte ar leith roimh chláir nó sraitheanna a d'fhéadfaí a léiriú trí obair iarléiriúcháin a dhéanamh orthu lena n-áirítear ábhar cartlainne nó formáidí eile a athúsáid nó a athphacáistiú ar bhealach cruthaitheach. Mar aon le gach ábhar de chuid TG4, ní mór béim láidir a bheith ar lucht féachana a mhealladh agus ar am craolta an ábhair.

Cuirfear fáilte freisin roimh smaointe maidir le **hábhar gearrfhoirm digiteach** a d'fhéadfaí a chraoladh le linn thréimhse phaindéim Covid-19, ábhar a chuirfidh faoiseamh agus siamsaíocht ar fáil, a léireoidh neart agus naisc idir pobail, agus a thabharfaidh ardú meanma do lucht féachana TG4. Ba chóir lucht féachana ar leith ardáin TG4, BLOC nó Molscéal a ghlacadh san áireamh sna smaointe d'ábhar digiteach.

Ní mór gach togra, buiséad iomlán san áireamh, a chur ar aghaidh trí chomhlacht léiriúcháin agus sin a uaslódáil ar chóras ríomhchoimisiúnaithe TG4 faoin Aoine an **10 Aibreán 2020 ag 5pm.** Táthar ag súil cinntí ag ghlacadh ar an ábhar go gairid i ndiaidh na Cásca.